Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

13244/23

LIMITE

CORLX 889
CFSP/PESC 1282
COMET 43
COTER 167
FIN 941

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/1693 maidir le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus i gcoinne daoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis a bhfuil baint acu leo |

**CINNEADH (CBES) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/1693
maidir le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda
agus i gcoinne daoine, grúpaí, gnóthais
agus eintitis a bhfuil baint acu leo**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) An 20 Meán Fómhair 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/1693[1].

(2) Beidh feidhm ag na bearta sriantacha a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2016/1693 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023.

(3) Tá ceanglas i gCinneadh (CBES) 2016/1693, athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta sriantacha a leagtar amach ann go tráthrialta agus gach 12 mhí ar a laghad. Ar bhonn athbhreithniú ar an gCinneadh sin, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha sin go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2016/1693 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus i gcoinne daoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis a bhfuil baint acu leo agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2002/402/CBES (IO L 255, 21.9.2016, lch. 25).



PUBLIC

*Airteagal 1*

In Airteagal 6 de Chinneadh (CBES) 2016/1693 , cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) agus in Airteagal 3(3) agus (4) go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC